

# Searnóbail

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Shearnóbail. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat sula bhféachfaidh sibh ar an mír.

Cá bhfuil Searnóbail?  
Cad a tharla i mí Aibreáin sa bhliain 1986 san áit?  
Cén fáth a bhfuil Searnóbail sa nuacht arís, dar leat?



**Ceist 2** An féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo thíos?

- radioactive \_\_\_\_\_
- to occupy \_\_\_\_\_
- anniversary \_\_\_\_\_
- safety test \_\_\_\_\_
- reactor number 4 \_\_\_\_\_
- a huge dust cloud \_\_\_\_\_
- modern warfare \_\_\_\_\_
- from the soil \_\_\_\_\_
- to dig trenches \_\_\_\_\_
- to lobby, campaign \_\_\_\_\_
- a heinous war crime \_\_\_\_\_

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc den dara huair agus déan achoimre don duine in aice leat ar ábhar na míre.

**Ceist 4** ‘... ba mheasa...’

Scríobh amach na habairtí seo a leanas san aimsir chaite:

1. Is duine aclaí mé.
2. Nach deirfiúracha iad?
3. Is aoibhinn léi an samhradh.
4. Is é sin an t-amhrán is measa.
5. Is é an t-ábhar is fearr liom.
6. An í do mháthair í?
7. Ní hiad Cathal agus Máire a théann ansin.
8. An duine falsa é?
9. Is fiú dul ann.
10. Is í an bhean is áille ar domhan í.

**Ceist 5**

Féach ar an sliocht thíos ón script. Líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart de na briathra atá idir lúbíní. Éist leis an mír arís le do chuid freagraí a sheiceáil.

Coinneal á \_\_\_\_\_ (las) i mBaile Átha Cliath inniu ar lá cuimhneacháin Shearnóbail. Cothrom an lae seo in 1986, theip go tubaisteach ar thriail sábháilteachta ag ionad núicléach Shearnóbail san Úcráin. \_\_\_\_\_ (pléasc) imoibreoir uimhir a ceathair agus \_\_\_\_\_ (séid) néal ollmhór dusta radaighníomhaigh thar an Aontas Sóivéadach agus an Eoraip.

Ag preasócáid ina \_\_\_\_\_ (bí) teifigh a tháinig go hÉirinn ón Úcráin le gairid i láthair inniu, dúirt Príomhfheidhmeannach na carthanachta Chernobyl Children International, Adi Roche, gur cor tubaisteach eile sa chogaíocht nua-aimseartha a bhí in iarrachtaí na Rúise le gairid seilbh a fháil ar ionad núicléach ansin. \_\_\_\_\_ (scaoil) tuilleadh ábhar radaighníomhach ón ithir isteach san atmaisféar nuair a phléasc buamaí, nuair a \_\_\_\_\_ (déan) trinsí a thochailt agus nuair a \_\_\_\_\_ (tiomáin) feithiclí troma míleata sa limistéar thart ar an ionad, a dúirt sí.

Dúirt Raisa Carolan, a tháinig slán ón tubaiste in 1986 agus a \_\_\_\_\_ (uchtaigh) i gContae na Mí, go bhfuil sí an-bhuartha faoin tionchar atá ag an chogadh seo agus an t-ábhar radaighníomhach atá \_\_\_\_\_ (sceith) an athuair ar pháistí ina tír dhúchais. Tá cónaí ar os cionn 300,000 duine ar fad sa réigiún.

**Ceist 6**

Díospóireacht Ranga:

*An t-aon réiteach atá ag an gcine daonna ar an athrú aeráide ná an chumhacht núicléach.*

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna.

Cathair nach mór tréigthe í Searnóbail atá nócha ciliméadar ó thuaidh de Chív. Tógadh stáisiún núicléach sa cheantar agus baile speisialta, darb ainm Pripyat, do na hoibrithe in aice leis sna seachtóidí. Ar an 26 Aibreán 1986, phléasc imoibreoir 4 san ionad agus tharla an tubaiste núicléach ba mheasa riamh dá dheasca. Tá Searnóbail sa nuacht arís mar gheall ar an gcogadh san Úcráin. Tá na Rúisigh ag iarraidh seilbh a fháil ar an suíomh faoi láthair agus an-damáiste á dhéanamh acu agus iad ar an láthair. Tá ábhar radaighníomhach á scaoileadh isteach san atmaisféar arís mar tá na saighdiúirí Rúiseacha ag cur isteach ar an ithir san áit.

### Ceist 2

radioactive	<i>radaighníomhach</i>
to occupy	<i>seilbh a fháil ar</i>
anniversary	<i>lá cuimhneacháin / cothrom an lae</i>
safety test	<i>trial sábháilteachta</i>
reactor number 4	<i>imoibreoir uimhir a ceathair</i>
a huge dust cloud	<i>néal ollmhór dusta</i>
modern warfare	<i>cogaíocht nua-aimseartha</i>
from the soil	<i>ón ithir</i>
to dig trenches	<i>trinsí a thochailt</i>
to lobby, campaign	<i>stocaireachta a dhéanamh</i>
a heinous war crime	<i>coir chogaidh ghráiniúil</i>

### Ceist 3

Tabhair deis do gach beirt achoimre a dhéanamh ar an tuairisc.

### Ceist 4

1. Is duine aclaí mé.  
*Ba dhuine aclaí mé.*
2. Nach deirfiúracha iad?  
*Nár dheirfiúracha iad?*
3. Is aoibhinn léi an samhradh.  
*B'aoibhinn léi an samhradh.*
4. Is é sin an t-amhrán is measa.  
*Ba é sin an t-amhrán ba mheasa.*
5. Is é an t-ábhar is fearr liom.  
*Ba é an t-ábhar ab fhearr liom.*
6. An í do mháthair í?  
*Arbh í do mháthair í?*
7. Ní hiad Cathal agus Máire a théann ansin.  
*Níorbh iad Cathal agus Máire a théadh ansin.*
8. An duine falsa é?  
*Ar dhuine falsa é?*
9. Is fiú dul ann.  
*B'fhiú dul ann.*
10. Is í an bhean is áille ar domhan í.  
*Ba í an bhean ab áille ar domhan í.*

### Ceist 5

Coinneal á **lasadh** i mBaile Átha Cliath inniu ar lá cuimhneacháin Shearnóbail. Cothrom an lae seo in 1986, theip go tubaisteach ar thriail sábháilteachta ag ionad núicléach Shearnóbail san Úcráin.

**Phléasc** imoibreoir uimhir a ceathair agus **séideadh** néal ollmhór dusta radaighníomhaigh thar an Aontas Sóivéadach agus an Eoraip.

Ag preasócáid ina **raibh** teifigh a tháinig go hÉirinn ón Úcráin le gairid i láthair inniu, dúirt Príomhfheidhmeannach na carthanachta Chernobyl Children International, Adi Roche, gur cor tubaisteach eile sa chogaíocht nua-aimseartha a bhí in iarrachtaí na Rúise le gairid seilbh a fháil ar ionad núicléach ansin. **Scaoileadh** tuilleadh ábhar radaighníomhach ón ithir isteach san atmaisféar nuair a phléasc buamaí, nuair a **rinneadh** trinsí a thochailt agus nuair a **tiomáineadh** feithiclí troma míleata sa limistéar thart ar an ionad, a dúirt sí.

Dúirt Raisa Carolan, a tháinig slán ón tubaiste in 1986 agus a **uchtaíodh** i gContae na Mí, go bhfuil sí an-bhuartha faoin tionchar atá ag an chogadh seo agus an t-ábhar radaighníomhach atá **sceite** an athuair ar pháistí ina tír dhúchais. Tá cónaí ar os cionn 300,000 duine ar fad sa réigiún.

### **Ceist 6**

Is féidir díospóireacht ranga a dhéanamh.

### Siún Nic Gearailt

Fáilte romhaibh thar n-ais. Tríocha sé bliain is an lá inniu a tharla tubaiste Shearnóbail, an tubaiste núicléach ba mheasa riamh. Tá inní léirithe ag an gcarthanacht *Chernobyl Children International* faoi na leibhéil radaighníomhacha a bheith ag ardú arís sa réigiún ó dhein<sup>1</sup> fórsaí na Rúise iarracht seilbh a fháil ar an ionad núicléach<sup>2</sup>.

### Peadar Mac Gaoithín

Coinneal á lasadh i mBaile Átha Cliath inniu ar lá cuimhneacháin Chernobyl<sup>3</sup>. Cothrom an lae seo in 1986, theip go tubaisteach ar thriail sábháilteachta ag ionad núicléach Chernobyl san Úcráin. Phléasc imoibreoir uimhir a ceathair agus séideadh néal ollmhór dusta radaighníomhaigh thar an Aontas Sóivéadach<sup>4</sup> agus an Eoraip.

Ag preasócáid ina raibh teifigh a tháinig go hÉirinn ón Úcráin le gairid i láthair inniu, dúirt Príomhfheidhmeannach na carthanachta *Chernobyl Children International*, Adi Roche, gur cor tubaisteach eile sa chogaíocht nua-aimseartha a bhí in iarrachtaí na Rúise le gairid seilbh a fháil ar an ionad núicléach ansin. Scaoileadh tuilleadh ábhar radaighníomhach ón ithir isteach san atmaisféar nuair a phléasc buamaí, nuair a rinneadh trinsí a thochailt agus nuair a tiomáineadh feithiclí troma míleata sa limistéar thart ar an ionad, a dúirt sí.

Dúirt Raisa Carolan, a tháinig slán ón tubaiste in 1986 agus a uchtaíodh i gContae na Mí, go bhfuil sí an-bhuartha faoin tionchar atá ag an chogadh<sup>5</sup> seo agus an t-ábhar radaighníomhach atá sceite an athuair ar pháistí ina tír dhúchais. Tá cónaí ar os cionn 300,000 duine ar fad sa réigiún.

### Jamie Ó Flannúra, Chernobyl Children International

Táimid ag iarraidh go ndéanfaidh an rialtas rud éigin chun na daoine a bhogadh go dtí áit níos sábháilte, go háirithe go mbeidh aer níos sábháilte acu in iarthar na tíre. Tá i gcónaí an baol ann go mbeidh na Rúisigh ag glacadh seilbh ar an ionad arís, agus i gcónaí ag smaoineamh gur 36 bliain ó shin ó tharla an tubaiste seo agus go bhféadfadh sé tarlúint<sup>6</sup> aon lá arís.

### Peadar Mac Gaoithín

Tá *Chernobyl Children International* ag iarraidh ar an rialtas fosta, stocaireacht a dhéanamh ar na Náisiúin Aontaithe, aon ionsaí ar Chernobyl ná aon ionad núicléach eile san Úcráin a mheas mar choir chogaidh ghráiniúil agus fógra a dhéanamh gur limistéar faoi shos cogaidh atá sa réigiún.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.

---

<sup>1</sup> dhein = leagan canúnach de ‘rinne’

<sup>2</sup> *Stáisiún núicléach* an leagan Gaeilge ar ‘nuclear power plant’.

<sup>3</sup> *Searnóbail* an leagan i nGaeilge

<sup>4</sup> *Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha* an teideal oifigiúil

<sup>5</sup> Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.

<sup>6</sup> tarlúint = leagan canúnach de ‘tarlú’